GA

GA GA

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 1.4.2011
COIM(2011) 167 leagan deireanach

2009/0059 (COD)

**TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN**

**de bhun Airteagal 294(7)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i dtaca le leasuithe Pharlaimint na hEorpa ar sheasamh na Comhairle maidir leis an togra le haghaidh**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1934/2006 lena mbunaítear ionstraim maoinithe le haghaidh comhair le tíortha tionsclaithe agus le críocha tionsclaithe agus le tíortha ardioncaim agus le críocha ardioncaim eile (ICI Plus)**

**TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN**

**de bhun Airteagal 294(7)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i dtaca le leasuithe Pharlaimint na hEorpa ar sheasamh na Comhairle maidir leis an togra le haghaidh**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1934/2006 lena mbunaítear ionstraim maoinithe le haghaidh comhair le tíortha tionsclaithe agus le críocha tionsclaithe agus le tíortha ardioncaim agus le críocha ardioncaim eile (ICI Plus)**

## 1. RÉAMHRÁ

Foráiltear le hAirteagal 294(7)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go dtabharfaidh an Coimisiún tuairim uaidh ar na leasuithe atá molta ag Parlaimint na hEorpa ag an dara léamh. Leagann an Coimisiún amach thíos a thuairim ar na leasuithe atá molta ag an bParlaimint.

## 2. CÚLRA

An dáta ar seoladh an togra chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle: 21 Aibreán 2009

Doiciméad COIM(2009) 197 leagan deireanach 2-2009/0059 (COD) ceartúchán an 30 Samhain 2009, leasaithe an 1 Nollaig 2009 (teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin)

Dáta na tuairime ó Pharlaimint na hEorpa ag an gcéad léamh: 21 Deireadh Fómhair 2010

An dáta ar seoladh an togra leasaithe chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle: dada

Dáta an chomhaontaithe pholaitiúil maidir le seasamh na Comhairle: dada

An dáta ar glacadh seasamh na Comhairle go foirmiúil: 10 Nollaig 2010

Dáta na tuairime ó Pharlaimint na hEorpa ag an dara léamh: 3 Feabhra 2011

## 3. CUSPÓIR AN TOGRA

Faoi chuimsiú an athbhreithnithe meántéarma ar na hionstraimí airgeadais a bhaineann le gníomhaíocht sheachtrach, rinne an Coimisiún an togra seo **d'fhonn**

**easnamh sa reachtaíocht a líonadh**: eadhon, nach féidir leis an AE gníomhaíochtaí a mhaoiniú nach dtagann go soiléir faoi réir Cúnaimh Oifigiúil Forbartha (COF) sna sé thír chomhpháirteacha is daichead de chuid an AE ar fud an domhain.

Is é is cúis leis sin nach n-áirítear sa rialachán a bhaineann leis an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt (rialachán DCI) (Airteagal 2(4)) formhór na mbeart nach gcomhlíonann na critéir le haghaidh COF, ar critéir iad atá leagtha síos ag an gCoiste Cúnaimh Forbartha den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE/CCF - "CCF inniúil" dá bharr sin) le heisceachtaí teoranta. Níl aon fhorálacha dlíthiúla eile a cheadaíonn bearta nach bhfuil incháilithe le haghaidh COF a mhaoiniú sna tíortha a thagann faoi raon feidhme an DCI.

Bhí dearcthaí éagsúla ag an gCoimisiún agus ag an bParlaimint i réimsí áirithe maidir le hincháilitheacht gníomhaíochtaí áirithe le haghaidh COF ("CCF inniúil"). D'aithin Parlaimint na hEorpa roinnt samplaí amhrasacha nár cheap sí a tháinig faoi COF le linn phróiseas an "ghrinnscrúdaithe dhaonlathaigh" (próiseas ina dtéann an Coimisiún i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa i dtaobh páipéar straitéise agus clár ilbhliantúil) agus freisin le linn an nós imeachta coiste (tráth a rinne sé grinnscrúdú ar chláir ghníomhaíochta bliantúla). Ina dhiaidh sin, rith an Pharlaimint roinnt rún inar cáineadh an Coimisiún i dtaobh a chumhachtaí cur chun feidhme a shárú i ndáil leis na tionscadail sin a ghlacadh faoi Rialachán DCI agus ag iarraidh iad a aistarraingt.

De thoradh sin, maoiníodh roinnt gníomhaíochtaí taobh amuigh den DCI faoi na Gníomhaíochtaí Ullmhúcháin arna gcruthú ag Parlaimint na hEorpa chun na críche sin (i.e. **malartuithe gnó agus eolaíochta** leis an India agus leis an tSín, **comhar le tíortha meánioncaim** san Áis agus i Meiriceá Laidineach). Tháinig deireadh leis na Gníomhaíochtaí Ullmhúcháin in 2009. Tháinig an Coimisinéir Ferrero-Waldner agus cathaoirligh na gcoistí de chuid Pharlaimint na hEorpa a bhí i dtrácht ar chomhaontú go ndéanfaí na **mic léinn agus na múinteoirí Eorpacha a bheadh páirteach sa chuid sheachtrach den chlár Erasmus Mundus** a mhaoiniú faoin DCI go dtí deireadh 2009 amháin. Ach an bhearna sin a líonadh, ba cheart go n-áiritheofaí freisin go bhféadfar tionscadail áirithe **fuinnimh** agus gníomhaíochtaí **taidhleoireachta poiblí** nach bhfuil incháilithe le haghaidh COF (e.g. san Áis, san Áis Láir agus san Iaráic/san Iaráin) a mhaoiniú.

Is réiteach pragmatach, ad hoc ar an bhfadhb seo é togra an Choimisiúin: cuireann sé tíortha an DCI leis an Ionstraim le haghaidh Tíortha Tionsclaithe. Measadh gurbh é sin an ionstraim ab iomchuí toisc go n-úsáideann an AE é chun comhar a mhaoiniú chun leasa nach mbaineann le forbairt a bhaint amach. Beidh feidhm ag a cuspóir beartais ginearálta maidir le tíortha an DCI freisin: "freagra sainiúil a thabhairt ar an riachtanas naisc a fheabhsú agus gníomhú níos mó leo ar bhunús déthaobhach, réigiúnach nó iltaobhach d'fhonn timpeallacht níos fabhraí a chruthú d'fhorbairt chaidreamh an Chomhphobail leis na tíortha agus na críocha sin agus chun idirphlé a chur chun cinn agus leasanna an Aontais a chothú san am céanna."

Ní bheidh feidhm ag an togra ach ó 2010 go 2013 agus tá raon feidhme an togra teoranta ó thaobh beartais agus impleachtaí buiséadacha de. Ní dhéanfaidh sé aon réamhbhreith ar thograí todhchaí le haghaidh na chéad ghlúine eile d'ionstraimí airgeadais maidir le gníomhaíocht sheachtrach faoin gcéad chreat airgeadais eile.

Ghlac Parlaimint na hEorpa le togra an Choimisiúin **ó thaobh an bhuiséid de cheana féin**: cruthaíodh línte nua buiséid i mbuiséad 2010 ina raibh na leithreasaí ba ghá le cur in ionad na nGníomhaíochtaí Ullmhúcháin agus d'fhonn foráil a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí neamh-COF fad is atáthar ag feitheamh ar an togra a ghlacadh go foirmiúil. Mura nglactar an togra, ní féidir na leithreasaí sa bhuiséad a chur chun feidhme in éagmais bunúis dlí.

## 4. TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN AR NA LEASUITHE A RINNE PARLAIMINT NA hEORPA

### 4.1 Leasuithe ar ghlac an Coimisiún leo

Is féidir leis an gCoimisiún glacadh leis an téacs faoi mar a comhaontaíodh idir na trí institiúid le linn na gcainteanna tríthaobhacha a reáchtáladh i nDeireadh Fómhair agus Samhain 2010 (Aithris 1; 2; 3; 4; 5; 6; 7; 8; 9; agus Airteagail 1; 2; 3; 4; 5.2; 7; 8; 9.1; 12; 13 agus 14). Mar eolas, tá na hAithrisí agus na hAirteagail sin formheasta cheana féin ag an gComhairle ag an gcéad léamh.

### 4.2 Leasuithe ar dhiúltaigh an Coimisiún dóibh

Ní féidir leis an gCoimisiún glacadh leis na hAirteagail a bhaineann le gníomhartha tarmligthe agus le saincheisteanna nós imeachta coiste (Aithris 8a, Airteagal 6.1; 14a; 14b; 14c (gníomhartha tarmligthe), Airteagal 6.3; Scriosadh Airteagal 15 (Nós imeachta coiste))

Ní féidir leis an gCoimisiún glacadh le hAirteagal 16 maidir le forálacha airgeadais ina luaitear nach féidir airgead DCI a úsáid chun ICI Plus a mhaoiniú. Níl an leasú sin inghlactha. Is faoi na húdaráis bhuiséadacha atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfoinse maoinithe agus an buiséad á ghlacadh acu gach bliain. Ní féidir leis bheith mar chuid de ghníomh reachtach. Caithfidh an tAirteagal cloí leis na forálacha caighdeánacha mar atá leagtha amach i ngach ionstraim airgeadais. Mar sin féin, d'fhonn teacht ar chomhaontú agus d'fhonn na hinstitiúidí a chur ar a suaimhneas, tá an Coimisiún réidh chun ráiteas a dhéanamh ina meabhrófar go gcuirfear chun feidhme an méid tagartha airgeadais atá leagtha síos in Airteagal 16 i gcomhair na dtíortha atá liostaithe in Iarscríbhinn II trí úsáid a bhaint as línte buiséid tiomnaithe atá beartaithe i gcomhair gníomhaíochtaí seachas Cúnamh Oifigiúil Forbartha.

## 5. CONCLÚID

Leanfar leis an bplé leis na comhreachtóirí tar éis an dara léamh, d'fhonn comhréiteach a bhaint amach agus is fearr go dtabharfar leis sin cearta substainteacha grinnscrúdaithe do Pharlaimint na hEorpa don chuid eile den Tréimhse Clárúcháin Ilbhliantúil reatha, agus go bhfágfar go mbeidh roghanna éagsúla ann don chéad tréimhse eile, lena n-áirítear go bhféadfaí dul i muinín gníomhartha tarmligthe agus urraim iomlán á tabhairt do na critéir atá bunaithe in Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.